An Garda Síochana

# Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail
# Feasachán

**R1 2018**

Taighde le amárach research

**San fheasachán seo, cuirtear i láthair torthaí ardleibhéil ón gcéad ráithe den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail a rinneadh idir Eanáir agus Márta 2018.**


Iarradh ar dhaoine faoina mbraistintí maidir le coireacht náisiúnta agus áitiúil; má d'fhulaing siad íospairt le bliain anuas, ar thuairiscigh siad an choir seo, agus a gcuid sástachta leis an gcaoi ar dhéileáil an Gharda Síochána leis an eachtra. Iarradh ar fhreagróirí freisin maidir lena leibhéal imní faoina bheith ina íospartach coireachta, a n-eagla faoi choireacht, chomh maith leis an tionchar atá aici ar a gcáilíocht beatha. Iarradh orthu cad iad na coireanna ina dtuairim féin ar chóir do na Gardaí tús áite a thabhairt dóibh, cé chomh hinfheicthe agus atá patróil an Gharda Síochána ina limistéar áitiúil; chomh maith lena leibhéal iontaoibhe, sástachta, braistint faoi chóireáil chothrom agus braistintí foriomlána faoi eagraíocht an Gharda Síochána.


Tá an suirbhé deartha ionas go mbeidh sé ar siúl ar bhonn leanúnach (tá suirbhé á dhéanamh ar an daonra ar bhonn leanúnach) agus tá suirbhé á dhéanamh ar 1,500 duine gach ráithe. Bailíodh sonraí trí agallaimh in-tí, duine le duine. Tá na torthaí ardleibhéil a chuirtear i láthair san fheasachán seo bunaithe ar shonraí atá ualaithe de réir aoise, inscne, aicme sóisialta agus náisiúntachta.


Is suirbhé é seo ar shampla randamach den daonra; dá bhrí sin, ní mór dúinn glacadh leis go mbeidh roinnt lamháil earráide ann. Ríomhadh é seo ag +/- 2.53 faoin gcéad don sampla ráithiúil. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, de réir agus a dhéantar anailís ar chomhréireanna níos lú, go dtagann méadú ar an lamháil earráide. Ba chóir é sin a chur san áireamh nuair atá scrúdú a dhéanamh ar anailís ar íospartaigh na coireachta. Ní thiocfar ag 100 faoin gcéad i ngach cairt ina n-úsáidtear céatadáin mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí. De réir na modheolaíochta a úsáideadh i dTuarascáil Bhliantúil 2017, rinneadh réamhanailís ar na hathróga go léir chun measúnú a dhéanamh ar an gcion de na freagraí 'gan fhios'. Rinneadh cinneadh ansin ar chóir iad a fhágáil ar lár ó anailísí ina dhiaidh sin. Baineadh na freagraí 'gan fhios' agus diúltaithe as an anailís más ionann iad agus níos lú ná 10% de na freagraí i ngach pointe tomhais. I gcásanna ina raibh níos mó ná 10% d'fhreagraí na bhfreagróirí comhdhéanta d'fhreagraí 'gan fhios' cuirtear i láthair anailís lena n-áirítear na freagraí sin agus gan na freagraí sin ar mhaith le hiomláine. Tá monatóireacht fós ar bun ar fhreagairtí 'gan fhios' / diúltaithe chun a chinntiú go gcothaítear cáilíocht na sonraí.


## Déimeagrafaigh

Tá an sampla comhdhéanta de 1,500 duine fásta atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn.





## CLÁR ÁBHAIR


2 Braistintí faoi choireacht
2 Íospairt
3 Eagla agus imní faoi choireacht
3 Infheictheacht an Gharda Síochána
4 Sástacht leis an nGarda Síochána
4 Iontaoibh sa Gharda Síochána
5 Comhionannas cóireála ag an nGarda Síochána
5 Braistintí faoi eagraíocht an Gharda Síochána
6 Conclúid


# Braistintí faoi Choireacht

Sa chéad ráithe de 2018, mheas 74% de na freagróirí gurbh fhadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach í an choireacht náisiúnta. Idir Ráithe 1 2017 agus Ráithe 1 2018, is ionann líon na bhfreagróirí a mheas gurbh fhadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach í an choireacht ar bhonn áitiúil agus idir 72% agus 76%. I gcomparáid, le linn an chéad ráithe de 2018 níor mheas ach 20% de na freagróirí gur fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach í an choireacht áitiúil. Mar a bhí i scóip an suirbhé a rinneadh roimhe seo, lean na freagróirí ar a bheith níos dearfaí ina mbraistintí faoi threochtaí coireachta ina gceantar áitiúil ná na braistintí faoin leibhéal náisiúnta.

## Coir Náisiúnta






## Coir Áitiúil




Fadhb an-tromchúiseach · Fadhb tromchúiseach · Fadhb éigean · Níl aon fadhb ann

# Íospairt




Le linn Ráithe 1 2018, b'ionann an ráta íospartaigh[1] agus 5.2%[2] le 87%[3] d'íospartaigh a ndearnadh agallamh orthu ag rá gur thuairiscigh siad a n-eachtra choireachta is déanaí leis an nGarda Síochána. I scóip shuirbhé a rinneadh le déanaí, tá an ráta íospartha ag titim, agus tá méadú tagtha ar líon na n-íospartach a thuairiscíonn a n-eachtra choireachta leis an nGarda Síochána. Le linn R1 2018, b'ionann ráta sástacht íospartaigh na coireachta (a thuairiscigh an choir leis na Gardaí) agus 64%, laghdú 3% ó R1 2017. Tá méadú ag teacht ar ráta sástachta, áfach, le linn na scóipe suirbhé deireanaí. Idir R1 2017 agus R1 2018, b'ionann cion na n-íospartach a bhraith gur tugadh an méid ceart faisnéise dóibh agus idir 48% agus 57%, agus 51% i rith R1 2018.


1 *Áirítear leis seo a bheith ina íospartach mar gheall ar bhuirgléireacht, goid, robáil, damáiste coiriúil, ionsaí nó calaois*

2 *D'fhulaing 78 freagróir íospairt sa 12 mhí roimhe sin*

3 *Thuairiscigh 67 íospartach an choir leis an nGarda Síochána*

# Eagla agus Imní faoi Choireacht


Le linn R1 2018, thuairiscigh 46% de na freagróirí nach raibh imní orthu go mbeidís ina n-íospartach coireachta, dhá phointe céatadáin níos ísle ná le linn R1 2017. As na freagróirí sin a raibh imní orthu go mbeidís ina n-íospartach coireachta; bhí imní ar 3% go mbeidís ina n-íospartach mar gheall ar dhíobháil phearsanta, bhí imní ar 9% faoi ghoid nó damáiste maoine, agus bhí imní ar 42% go mbeidís ina n-íospartach den dhá chinn. Sa R1 2018, thuairiscigh 33% de na freagróirí nach raibh aon eagla orthu faoi leibhéal na coireachta i gcoitinne; ráta atá 5% níos ísle ná le linn R1 2017 agus 7% níos ísle ná R4 2017. I measc na ndaoine a thuairiscigh go raibh eagla orthu faoi leibhéal na coireachta i gcoitinne, bhí go leor eagla ar 4%, bhí roinnt eagla ar 30%, agus thuairiscigh 34% nach raibh ach eagla bheag orthu. Thuairiscigh seasca agus ceithre faoin gcéad de na freagróirí nach raibh aon tionchar ag a n-eagla faoi choireacht ar a gcáilíocht beatha, tá laghdú ag teacht air seo ó R2 2017. I measc na ndaoine a chreid go raibh tionchar ag eagla faoi choireacht ar a gcáilíocht beatha, dúirt 25% go raibh laghdú beag tagtha ar a gcáilíocht beatha, thuairiscigh 8% go raibh laghdú measartha tagtha ar an gcáilíocht agus dúirt 2% go raibh sé suntasach agus dúirt 1% go raibh laghdú mór tagtha ar a gcáilíocht bheatha.





# Infheictheacht an Gharda Síochána

I R1 2018, bhí 37% de na freagróirí ar an eolas faoi phatróil an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil. D'fhan sé seo réasúnta seasmhach le linn na bpointí tomhais is deireanaí. I R1 2018, mheas 39% de na freagróirí go raibh láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil ag an leibhéal ceart. Tá sé seo ag luainiú idir 39% agus 45% sna suirbhéanna ráithiúla a rinneadh le déanaí.

## Patróil Gharda ar bhonn Áitiúil





## Láithreacht Ghardaí ar bhonn



# Sástacht leis an nGarda Síochána

I R1 2018, thuairiscigh 81% de na freagróirí go raibh siad sásta leis an tseirbhís a chuir An Garda Síochána ar fáil do phobail áitiúla, méadú de 3% ón tréimhse chéanna anuraidh. Ó R3 2017 ar leith, tá méadú ag teacht ar shástacht leis an tseirbhís a sholáthraíonn An Garda Síochána. Cuireadh ceithre cheist nua leis an suirbhé i mí Eanáir 2018 ina ndéantar imscrúdú ar ghnéithe sonracha den tseirbhís a chuirtear ar fáil do phobail áitiúla. Nuair a iarradh orthu an bhféadfaí a bheith ag brath ar na Gardaí nuair a bhíonn siad ag teastáil d'aontaigh 79%. D'aontaigh níos mó ná aon trian de na freagróirí (35%) nach raibh dea-chaidreamh pobail ann leis na gardaí. Chreid formhór na bhfreagróirí (84%) go n-éisteann Gardaí áitiúla le hábhair imní na ndaoine áitiúla. Ar deireadh, d'aontaigh 38% de na freagróirí nach bhfuil na Gardaí ag déileáil leis na hábhair atá tábhachtach do dhaoine sa phobal áitiúil. Mar atá thuasluaite sa réamhrá, baineadh na freagraí 'gan fhios' agus diúltaithe as an anailís más ionann iad agus níos lú ná 10% de na freagraí. Ar mhaithe le hiomláine, cuirtear cion lena n-áirítear freagairtí 'gan fhios' (gan dearg) agus gan iad a áireamh sa chairt thíos.

### Sástacht leis An nGarda Síochána





| | R1 2018 % **Comhaontú** Gan na freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh | R1 2018 % **Comhaontú** Tá na freagraí 'níl a fhios agam' san áireamh |
|---|---|---|
| Ní fhéadtar brath ar na gardaí sa cheantar seo nuair a bhíonn siad ag teastáil | 79% | 70% |
| Níl dea-caidreamh pobail ann leis na gardaí | 35% | 29% |
| Éisteann na gardaí sa cheantar seo le hábhair imní na ndaoine áitiúla | 84% | 69% |
| Níl na gardaí ag déileáil leis na hábhair atá tábhachtach do dhaoine sa phobal seo | 38% | 31% |

# Iontaoibh sa Gharda Síochána

I R1 2018, dúirt 90% de na freagróirí go raibh iontaoibh measartha go hard acu sa Gharda Síochána. Ag cur R1 2018 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh, tháinig laghdú le dhá phointe céatadáin ar iontaoibh sa Gharda Síochána.

.




# Comhionannas Cóireála ag an nGarda


I R1 2018, d’aontaigh 93% de na freagróirí go mbeadh meas ag na Gardaí ort má bheadh ort dul i dteagmháil leo ar chúis ar bith. Ó R1 2017 ar leith, d’fhan líon na bhfreagróirí a d’aontaigh leis an ráiteas seo ag 90% nó níos airde. Nuair a iarradh ar na freagróirí má dhéileálann na Gardaí sa cheantar go cothrom leo, cuma cé iad féin, d’aontaigh 82% (63% nuair a chuirtear san áireamh freagraí ‘gan fhios’). Nuair a cuireadh an cheist seo, d’fhreagair i bhfad níos mó ná 10% de na freagróirí, nach raibh a fhios acu, dá bhrí sin cuirtear cion i láthair lena n-áirítear freagraí ‘gan fhios’ san áireamh agus gan iad san áireamh sa chairt thíos.

### Tá meas ag na Gardaí ar Dhaoine

### Caitheann na Gardaí go cothrom le Cách




# Braistintí faoi Eagraíocht an Gharda Síochána




Mar atá thuasluaite baintear na freagraí ‘gan fhios’ agus diúltaithe as an anailís más ionann iad agus níos lú ná 10% de na freagraí. Ar mhaithe le hiomláine, cuirtear cion lena n-áirítear freagairtí ‘gan fhios’ (i lúibíní) agus gan iad a áireamh sa chairt. I R1 2018 d’aontaigh 94% de na freagróirí go raibh an Garda Síochána cairdiúil nó cabhrach; d’aontaigh 72% go raibh an eagraíocht dírithe ar an bpobal; cheap 68% go raibh an eagraíocht nua-aimseartha nó forásach; thuairiscigh 65% go raibh an Garda Síochána éifeachtach maidir le dul i ngleic leis an gcoireacht; agus d’aontaigh 46% go raibh dea-bhainistíocht á déanamh ar an eagraíocht, cheap 44% go raibh seirbhís phóilíneachta den scoth á soláthar ag an nGarda Síochána . Idir an dá scóip shuirbhé deiridh, tháinig méadú ar bhraistintí faoi eagraíocht an Gharda Síochána i ngach beart maidir le héifeachtacht agus cumais. Tá tuairimí dearfacha fós ag freagróirí maidir le cumas an Gharda Síochána a bheith cairdiúil, cabhrach, dírithe ar an bpobal, nua-aimseartha nó forásach, chomh maith lena bheith éifeachtach maidir le dul i ngleic leis an gcoireacht.

# Conclúid

Tá an Garda Síochána anois ag foilsiú torthaí óna Suirbhé ar Dhearcadh Poiblí ar bhonn ráithiúil. Tá an obair á coimisiúnú ag an nGarda Síochána agus tá an obair allamuigh á déanamh ag Amarách Research. Tá feasacháin agus tuarascálacha bliantúla roimhe seo ar fáil ag www.garda.ie . Tríd is tríd, measann na freagróirí gur fhadhb tromchúiseach nó an-tromchúiseach í an choireacht ar bhonn náisiúnta ach, ar an leibhéal áitiúil, ní measann siad go bhfuil sí ina saincheist shuntasach. Le scóip suirbhé  a rinneadh, tá braistintí faoi choireacht náisiúnta mar fhadhb tromchúiseach nó an-tromchúiseach ag luainiú idir 73% agus 76%, agus tá braistintí faoi choireacht áitiúil mar fhadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach idir 19% agus 21%.

Le linn R1 2011, b'ionann an ráta íospartha agus 5.2%, cé gurb ionann cion na n-íospartach a thuairiscigh an choir leis na Gardaí agus 87%. Le líon na bpointí tomhais is déanaí tá an ráta íospartha ag laghdú, agus tá céatadán na n-íospartach a thuairiscíonn an choir ag dul i méid. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, de réir agus a dhéantar anailís ar chomhréireanna níos lú den sampla, tagann méadú ar an lamháil earráide. Ba chóir é sin a chur san áireamh nuair atá scrúdú a dhéanamh ar shamplaí ráithiúla íospartaigh na coireachta.

Idir an dá scóip shuirbhé dheireanaí, tá laghdú tagtha ar líon na bhfreagróirí nach raibh eagla orthu faoi leibhéal na coireachta i gcoitinne, nach raibh imní orthu faoin dóchúlacht go mbeadh siad ina íospartach coireachta, agus nach raibh tionchar ag an eagla faoi choir ar a gcáilíocht bheatha.

Is ionann feasacht faoi phatróil na nGardaí i gceantair áitiúla do R1 2018 agus 37%. Tháinig laghdú ar na braistintí maidir le láithreacht an Gharda ag an leibhéal ceart idir an dá scóip suirbhé is déanaí, ó 44% i R4 2017 agus 39% i R1 2018. Thuairiscigh 81% de na freagróirí go raibh siad sásta leis an tseirbhís a chuir An Garda Síochána ar fáil do phobail áitiúla. Tá sé seo ag luainiú idir 74% agus 81% le linn an cúig phointe tomhais is deireanaí.

Tá iontaoibh na bpobal in eagraíocht an Gharda Síochána ard ag 90%, síos dhá phointe céatadáin ó R1 2017. Creid formhór na bhfreagróirí go gcaithfeadh na Gardaí leo, nó le daoine eile, agus meas acu orthu, má thiocfaidís i dteagmháil leo ar chúis ar bith. Tá méadú beag tagtha ar chomhaontú ar bhearta éifeachtachta agus cumais eagraíochta an Gharda Síochána idir an dá phointe tomhais deiridh.
.